# An Timpeallacht Gheilleagrach

Leis na sonraí Cuntas Náisiúnta don chéad leath de 2015, tugtar le fios go bhfuil luasghéarú tagtha ar ráta fáis gheilleagar na hÉireann. Tá an téarnamh níos leithne anois agus téann sé thar aisphreabhadh tosaigh na gníomhaíochta a bhí bunaithe ar ghlanonnmhairí. Cé go ndéanann gníomhaíochtaí gnólachtaí ilnáisiúnta difear do bhearta gnásúla áirithe, deimhnítear leis an bhfás níos tapúla ar thomhaltas agus ar fhostaíocht go bhfuil an geilleagar intíre ag leathnú go mór agus go bhfuil bonn níos leithne faoin bhfás sin anois. Léiríonn an leathnú agus luasghéarú seo, comhtháthú forbairtí éagsúla lena dtacaítear le fás, lena n-áirítear an méid seo a leanas: cineál an téarnaimh lena gcruthaítear fostaíocht, timpeallacht neamhurchóideach beartais, mar a léirítear le héascú an chomhdhlúthaithe fhioscaigh agus le himthosca fabhracha airgeadais, treisiú na cumhachta ceannaigh de thoradh praghsanna fuinnimh níos ísle, éascú leanúnach iarmhairtí na géarchéime ar an gclár comhardaithe agus imthosca atá fabhrach, a bheag nó a mhór, i bpríomh-mhargaí onnmhairíochta na hÉireann. Is é cumasc na dtosca seo atá mar bhonn taca faoin bhfás láidir ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch arna léiriú sna sonraí eacnamaíocha le ráithí beaga anuas.

Le bliain anuas, tá an luasghéarú ar an bhfás bunaithe ar spreagadh níos láidre ón éileamh intíre. Cé go raibh an t-aisphreabadh ar an taobh intíre bunaithe ar dtús ar théarnamh ar chaiteachas infheistíochta, tá feabhas tagtha ar chaiteachas tomhaltóirí chomh maith agus tá ról níos tábhachtaí aige sin anois. Thairbhigh tomhaltas den mhéadú ar fhostaíocht, go háirithe ar fhostaíocht lánaimseartha. Ó lár 2013, tá 90,000 post breise crutha ar fáil ag an ngeilleagar, ar poist lánaimseartha iad a bhformhór. Chomh maith leis sin, tá méadú tagtha le bliain anuas ar luas chruthú fostaíochta. Leis seo, rannchuidíodh le hioncam teaghlach a mhéadú agus, ar a uain, spreagadh feabhas láidir ar chaiteachas tomhaltóirí. I dteannta leis an aisphreabadh leanúnach láidir ar bhuninfheistíocht (cé is moite de ghné luaineach na n-aerárthaí agus den infheistíocht i sócmhainní doláimhsithe), neartaigh sé seo luas an fháis ar an éileamh intíre.

Ar an taobh eachtrach, chonacthas fás láidir breise sa chéad leath de 2015 ar onnmhairí agus ar allmhairí araon, rud a bhaineann go páirteach le rannpháirtíocht na hÉireann i sreanga domhanda táirgeachta. Is díol suntais é, áfach, an méadú ar onnmhairí ó na hearnálacha dúchasacha, amhail gnó agraibhia agus turasóireacht, a bhfuil imthosca fabhracha éilimh ina bpríomh-mhargaí mar aon le forbairtí rátaí malairte ag tacú leo. Ag féachaint romhainn, meastar go dtosóidh onnmhairí de bheith ag fás athuair i gcomhréir, tríd is tríd, leis an bhfás réamh-mheasta ar an éileamh seachtrach. I bhfianaise naisc thrádála na hÉireann le margaí SA agus RA, ba cheart go leanfadh sé seo de ráta láidir fáis a ghiniúint d'onnmhairí in 2016.

Ar an taobh intíre, tá luasghéarú tagtha ar fhuinneamh an fháis agus tá an t-ionchas níos fabhraí anois ná mar a bhí nuair a foilsíodh ár gcuid réamhaisnéisí deireanacha. Ag féachaint romhainn, ba cheart go dtacódh méaduithe breise ar fhostaíocht, treocht in airde ar ioncam indiúscartha agus neartú ar mhuinín tomhaltóirí le fás láidir ar chaiteachas tomhaltóirí, agus meastar go dtiocfaidh fás níos tapúla ar an gcaiteachas sin i mbliana agus an bhliain seo chugainn ná mar a measadh roimhe seo. De bhreis air sin, meastar go leanfaidh an fás láidir ar chaiteachas buninfheistíochta, cé is moite arís de ghné luaineach na n-aerárthaí agus de ghné na sócmhainní doláimhsithe.

De thoradh an fháis láidir arna thaifeadadh sa chéad leath de 2015, rinneadh athbhreithniú suntasach aníos ar an ráta reamh-mheasta fáis don ghníomhaíocht eacnamaíoch fhoriomlán i mbliana i gcomparáid leis na réamhaisnéisí a

foilsíodh san Fhaisnéis Ráithiúil dheireanach, ar réamhaisnéisí iad a bhí bunaithe ar na sonraí Cuntas Náisiúnta anuas go dtí an ceathrú ráithe den bhliain seo caite. Meastar anois go mbeidh méadú 5.8 faoin gcéad ar OTI in 2015, is é sin athbhreithniú 1.7 faoin gcéad aníos i gcoibhneas leis an meastachán san Fhaisnéis Ráithiúil roimhe seo. Cé go bhfuil an t-athbhreithniú aníos á spreagadh go príomha ag neart na sonraí tuairiscithe sa chéad leath de 2015, tá ionchas níos fabhraí ann anois freisin. Is í an toisc seo go príomha, agus go háirithe an t-ionchas maidir le neartú breise ar an éileamh intíre, is cúis leis an athbhreithniú aníos ar an réamh-mheastachán fáis do 2016 ina meastar go dtiocfaidh méadú 4.7 faoin gcéad ar an OTI, is é sin le rá 0.5 faoin gcéad níos airde ná an réamh-mheastachán san Fhaisnéis Ráithiúil roimhe seo. Meastar gur rioscaí cothromaithe iad, tríd is tríd, na rioscaí a ghabhann leis na réamhaisnéisí seo, ó tharla go ndéantar riosca maidir leis an ionchas réamh-mheasta don éileamh intíre a fhritháireamh le riosca ar an taobh thíos maidir leis an ionchas eachtrach.

Tugtar le tuiscint leis na réamh-mheastacháin seo, go bhfuil tréimhse fhíorláidir fáis ann don gheilleagar faoi láthair agus meastar nach mbeidh ach éascú measartha ar an bhfás sin an bhliain seo chugainn. Cé go bhfreagraíonn sé sin go páirteach d'aisphreabadh ó thréimhse fhíorlag, léiríonn sé go bunúsach go bhfuil an geilleagar ag gluaiseacht i dtreo a lánacmhainn tháirgiúil a bhaint amach, rud atá indéanta mar gheall ar chumas an gheilleagair, an phobail agus beartais chun freagairt go rathúil do na dúshláin a tháinig chun cinn ó thosach na géarchéime. Ar an leibhéal foriomlán, tugtar le tuiscint leis an bhfianaise atá ar fáil go bhfuil acmhainn leordhóthanach bhreise ann i gcónaí chun go mbeidh an geilleagar ábalta fás go sciobtha thar thréimhse na réamhaisnéise agus gan a bheith ag dréim le constaicí móra. Níl an acmhainn seo gan teorainn, áfach, agus caithfidh go moilleoidh an fás go dtí ráta níos ísle, níos inmharthana sna blianta atá le teacht[1].

Beidh sé mar phríomhdhúshlán sa tréimhse atá romhainn a áirithiú go ndéanfar an téarnamh eacnamaíoch atá faoi lán seoil a fhorbairt tuilleadh sa chaoi gur fás cothrom ag luas inmharthana a bheidh ann. Leis an ionchas láidir fáis, cuirtear deis ar fáil chun na hiarmhairtí arna n-eascairt as na léibhéil arda féichiúnais atá ann i gcónaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach a réiteach. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar beartas a dhíriú ar leochaileachtaí atá fós ar marthain a laghdú agus ar stóinseacht a neartú chun go n-íoslaghdófar rioscaí don chobhsaíocht eacnamaíoch, fhioscach agus airgeadais amach anseo.

Tá forbairtí Státchiste fabhrach i gcónaí maidir leis an airgeadas poiblí. Tá an t-ioncam cánach chun tosaigh ar an sprioc agus, go dtí seo i mbliana, tá an caiteachas foriomlán níos ísle ná an phróifíl, rud a léiríonn an fheidhmíocht láidir eacnamaíoch. Ar an leibhéal comhiomlán, tugtar le tuiscint leis an méadú láidir ar OTI ainmniúil, is é sin luach airgid OTI, a fhásfaidh ag luas dédhigiteach, gur cheart go dtiocfadh laghdú níos géire in 2015 agus 2016 ná mar a tuaradh roimhe seo ar chóimheasa iasachtú agus fhiachas an rialtais mar scair den OTI. Leis an ionchas láidir fáis seo, tá deis ann dul chun cinn breise a dhéanamh maidir le comhdhlúthú fioscach agus le laghdú fiachais in imthosca fabhracha. Tá leibhéal agus ualach an fhiachais phoiblí ard i gcónaí agus dá mbainfí leas as fás láidir chun é a laghdú go sciobtha, laghdófaí leochaileacht an airgeadais phoiblí agus an gheilleagair i gcoitinne i leith turraingí díobhálacha amach anseo. Tá sé ríthábhachtach, ó thaobh an bheartais cobhsaíochta de, go seachnófaí amach anseo na beartais fhioscacha chomhthimthriallacha arna leanúint san am atá thart. Ina theannta sin, tá seantaithí ar an mbaol a bhaineann le húsáid a bhaint as amhantar gnóthachan chun ceangaltais fhadtréimhseacha caiteachais a mhaoiniú. Dá dtairbheofaí den fhás láidir chun an fiachas a laghdú go dtí leibhéil ní b'ísle agus ní ba shábháilte, neartófaí clú na hÉireann maidir le hacmhainneacht creidmheasa, chuideofaí le himthosca reatha, fabhracha maoiniúcháin a chothabháil agus chuirfí bonn taca faoin téarnamh.

1 Tá plé níos leithne ar an tsaincheist seo i mBosca A ar leathanach 11.